Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

MIOTALÓIREACHT

TEICNÍOCHTAÍ AGUS DEARADH – TIONSCADAL – GNÁTHLEIBHÉAL

300 marc

TÁ AN TIONSCADAL LE CRÍOCHNÚ FAOI DÉ hAOINE, 27 MÁRTA, 2015

LÉIGH AN PÁIPÉAR SEO GO CÚRAMACH, LE DO THOIL

Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí

An tionscadal a dhéanann tú agus a chuireann tú ar fáil don scrúdú, páirt an dearaidh san áireamh, **ní mór dó a bheith ina shaothar dílis de do chuid féin** a dhéanann tú sa scoil faoi mhaoirseacht an mhúinteora.

Is é atá i gceist le **saothar dílis de do chuid féin** ná an saothar intleachtach sa dearadh agus an saothar praiticiúil a bhaineann leis an tionscadal a dhéanamh.

Treoracha chun an tionscadal a dhéanamh

1. Taispeántar sonraí de **Mhionsamhail de Thrucail Seanré** ar an líníocht a ghabhann leis seo.

2. Déan agus cóimeáil an Tionscadal agus úsáid á baint agat as na hábhair atá luaite ar **Liosta na bPáirteanna**.
   Nóta: Is ceadmhach preabsheamanna a úsáid sa chóimeáil, más mian leat.

3. Dear agus déan **Taca(í) don Acastóir Cúil** agus feistigh ar an mionsamhail iad.
   (Nóta: Tá 20% de na marcanna ag gabháil leis an roinn seo.)

4. Críochnaigh, **tástáil** agus **sádráil** an **Ciorcad Leictreach**.

5. Ní mór do **Scrúduimhir** a scríobh go soiléir mar a léirítear sa líníocht.

6. Ba chóir do thionscadal críochnaithe, agus do **Scrúduimhir** scríofa go soiléir air, **chomh maith leis an trealamh tástála riachtanach**, a bheith ar fáil don scrúdaitheoir a thagann ar cuairt.

2015. S55



















Aghaidhchló
Front View



Poill gan toisí
Undimensioned holes — Ø3.5

Nóta: Gabhann 20% de na marcanna
le Cóimeáil, Bailchríoch agus Feidhmiú.

Note: 20% of the marks will be awarded
for Assembly, Finish and Function.

SONRAÍ CÓIMEÁLA
ASSEMBLY DETAILS





LÉARAID LEICTREACH
WIRING DIAGRAM







LIOSTA NA bPÁIRTEANNA			
Uimhir	**Páirt**	**Ag Teastáil**	**Ábhar agus Cur Síos**
1	Grille	1	3 mm, Aicrileach Daite (snasta)
2	Boinéad	1	1 mm, Prás (snasta)
3	Fráma	1	1.5 mm, Alúmanam (snasta nó péinteáilte)
4	Cábán	1	1.5 mm, Alúmanam (snasta nó péinteáilte)
5	Ball Trasna	1	12 × 4 mm, Alúmanam (snasta nó péinteáilte)
6	Brac an Bhoinéid	2	1.5 mm, Alúmanam (snasta nó péinteáilte)
7	Clampa do Ghabhdán an Bhataire	1	1.5 mm, Alúmanam (snasta nó péinteáilte)
8	Ráille an Fhráma	2	15 × 15 × 2 mm, Alúmanam Eitreach (snasta)
9	Ceannsolas	2	Ø20 mm, Níolón nó Aicéatal (snasta)
10	Pludgharda ar Dheis	1	1 mm, Prás (snasta)
11	Pludgharda ar Chlé	1	1 mm, Prás (snasta)
Curtha ar fáil			
12	Scriú	19	M3 × 8, Ceann Panna, Cruach
13	Scriú (Ceannsolas)	2	M4 × 8, Ceann Panna, Cruach
14	Scriú (Mótar le Brac)	2	M3 × 25, Ceann Panna, Cruach
15	Cnó	21	M3, Cruach
16	Cnó (Acastóir Tosaigh)	4	M4, Cruach
17	Caidhpchnó	4	M4, Cruach
18	Acastóir Tosaigh	1	M4, Barra Snáithithe (timpeall 120 mm)
19	Acastóir Cúil	1	M4, Barra Snáithithe (timpeall 120 mm)
20	Roth	4	Ø56 mm × 16 mm, poll acastóra 4 mm
21	Giarbhosca mótair 3V	1	Mótair Inlíneach / Cóimheas 120:1 nó 200:1
22	Brac an Mhótair	1	Curtha ar fáil
23	Giar an Mhótair	1	Giar Plaisteach – 20 Fiacail – oiriúnach do spiogóid an ghiarbhosca
24	Giar an Acastóir Tosaigh	1	Giar Plaisteach – 30 Fiacail – poll acastóra 4 mm
25	Gabhdán Bataire + Fáiscín	1	AA × 2
26	Lasc	1	Scorán
27	Sreang Inslithe		De réir mar a theastaíonn

Nóta: Tá **20%** de na marcanna ag gabháil le **Cóimeáil**, **Bailchríoch** agus **Feidhmiú**.

Nóta: Is ceadmhach preabsheamanna a úsáid sa chóimeáil, más mian leat.